Tuilleadh táillí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Shinn Féin agus a thuairimí faoi tháillí tí. Sula bhféachfaidh tú an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Beidh ar gach duine ar leis teach €100 de tháille a íoc sa bhliain. Cad a dhéanfaidh an rialtas leis an airgead a bhaileoidh sé, dar leat? Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach cáin a íoc, dar leat?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. that it's not the same _____
2. on the two sides of the border _____
3. household charge _____
4. property tax _____
5. sewerage _____
6. leisure facilities _____
7. waste management _____
8. implementing _____
9. assembly members _____
10. deadline _____
11. it is unlikely _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a luaitear Sinn Féin sa tuairisc?
2. Cad atá i gceist leis an mhuirear teaghlaigh sa Tuaisceart?
3. Cad a bhí le rá ag Doiminic Ó Brolcháin faoin scéal?
4. Labhair leis an duine in aice leat agus tabhair achoimre ar an mhír dó, ag úsáid na bhfocal ó cheist 2 thuas.

Ceist 4 '...is cosúil...'

A. Féach ar na foirmeacha éagsúla den chopail sna habairtí seo a leanas. An bhfuil siad ar eolas agat?

is	is duine maith é
ní	ní cainteoir maith í
an	an ceoltóir maith é?
nach	nach ceoltóir maith é?

B. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaígí an freagra ceart (ón bhosca) do na ceisteanna seo:

An múinteoir é Seán?
An tusa an múinteoir?
Nach múinteoir í Nuala?
An agatsa atá mo leabhar?
An dósan a thug tú an t-airgead?
Nach deas an duine é Seán?

Is mé / ní mé
Is deas / ní deas
Is agam / ní agam
Is ea / ní hea
Is ea / ní hea
Is dó / ní dó

C. An féidir leat na habairtí faoi A thuas a scríobh san aimsir chaite/ modh coinníollach?

D. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo, agus cuir na freagraí cuí ar fáil chomh maith.

1. Is this yours?
2. Is Deirdre your sister?
3. Is she Spanish?
4. Is she a funny person?
5. Aren't you Síle's sister?
6. Are you the teacher?
7. Is he not the teacher?
8. Are they good singers?

Ceist 5 '...áit **a bhfuil** siad i gcumhacht...'

A. Féach ar na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat agus roghnaígí an fhoirm cheart den bhriathar idir lúibíní.

Cé mhéad (a raibh / a bhí) _____ an béile?
Cén uair (a mbeidh / a bheidh) _____ tú críochnaithe?
Cathain (ar bhuaigh / a bhuaigh) _____ tú an duais?
Cén t-am (a bhfeicfidh / a fheicfidh) _____ tú é?
Cén fáth (a bhfuil / atá) _____ sise anseo?
Cad chuige (a ndeachaigh / a chuaigh) _____ tú abhaile?
Cén áit (a mbeidh / a bheidh) _____ an chóisir?
Cén chaoi / tslí / dóigh (a ndéanann / a dhéanann) _____ tú an obair bhaile?

B. Anois, cuirigí ceisteanna ar a chéile faoin mhír atá díreach feicthe agaibh ag úsáid na gceisteanna a thosaíonn le 'c'.

C. Conas mar a deirtear 'how are you?' sna canúintí éagsúla? An é an clásal coibhneasta díreach nó indíreach atá i gceist?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- Ar thuig tú na cainteoirí ar fad sa mhír? Cén fáth?
- Cén chanúint atá agat féin?
- Cad í an chanúint is deacra duit a thuiscint? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt nuair atá an tuairisc á taispeáint.

1.	that it's not the same	*nach ionann*
2.	on the two sides of the border	*ar an dá thaobh den teorainn*
3.	household charge	*muirear teaghlaigh*
4.	property tax	*cáin mhaoine*
5.	sewerage	*séarachas*
6.	leisure facilities	*áiseanna fóillíochta*
7.	waste management	*bainistiú dramhaíola*
8.	implementing	*ag cur i bhfeidhm*
9.	assembly members	*baill tionóil*
10.	deadline	*spriocdháta*
11.	it is unlikely	*ní dócha*

Ceist 3

1. Deir an SDLP nach ionann an chomhairle atá Sinn Féin a thabhairt do dhaoine ar an dá thaobh den teorainn maidir le táillí ar sheirbhísí a íoc. Sa Phoblacht tá Sinn Féin ag moladh do dhaoine gan an muirear teaghlaigh a íoc ach tá muirear dá leithéid i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann, áit a bhfuil siad i gcumhacht. Dhiúltaigh Sinn Féin aon urlabhraí i dTuaisceart Éireann a chur ar fáil le labhairt ar an ábhar.
2. Tá an ráta teaghlaigh bunaithe ar luach an tí, mar shampla, teach ina bhfuil cúig sheomra leapa agus ar fiú dhá chéad seachtó cúig míle punt é; íocann na húinéirí ráta de os cionn dhá mhíle punt gach bliain. Tá dhá pháirt sa mhuirear, ráta réigiúnach a leagann feidhmeannacht Stormont amach ar bhonn bliantúil le híoc as bóithre, séarachas, oideachas agus araile, agus ráta a leagann an chomhairle áitiúil síos le híoc as áiseanna fóillíochta, bainistiú dramhaíola agus a leithéid.
3. Dúirt sé go bhfuil muintir Shinn Féin, comhairleoirí agus baill tionóil i mBéal Feirste, sásta go leor go bhfuil rátaí ann agus go n-íocfaidh daoine iad. Ach deir sé gur cosúil nach bhfuil siad sásta é sin a mholadh sa taobh ó dheas den tír, agus go bhfuil contrárthacht ag baint leis an scéal.
4. Cleachtadh cainte atá i gceist anseo.

Ceist 4

B

An múinteoir é Seán? *Is ea / Ní hea*
An tusa an múinteoir? *Is mé / Ní mé*
Nach múinteoir í Nuala? I*s ea / Ní hea*
An agatsa atá mo leabhar? *Is agam / Ní agam*
An dósan a thug tú an t-airgead? *Is dó / Ní dó*
Nach deas an duine é Seán? *Is deas / Ní deas*

C

ba	ba dhuine maith é (b' roimh fh agus guta)
níor	níor chainteoir maith í (níorbh roimh fh agus guta)
ar	ar cheoltóir maith é? (arbh roimh fh agus guta)
nár	nár cheoltóir maith é? (nárbh roimh fh agus guta)

D

Is this yours?	An leatsa é seo?	Is liom / ní liom
Is Deirdre your sister?	An í Deirdre do dheirfiúr?	Is í / ní hí
Is she Spanish?	An Spáinneach í?	Is ea / ní hea
Is she a funny person?	An duine greannmhar í?	Is ea / ní hea

Aren't you Síle's sister?	Nach tusa deirfiúr Shíle?	Is mé / ní mé
Are you the teacher?	An tusa an múinteoir	Is mé / ní mé
Is he not the teacher?	Nach eisean an múinteoir?	Is é / ní hé
Are they good singers?	An ceoltóirí maithe iad?	Is ea / ní hea

Ceist 5
A
Cé mhéad **a bhí** an béile?
Cén uair **a bheidh** tú críochnaithe?
Cathain **a bhuaigh** tú an duais?
Cén t-am **a fheicfidh/ a bhfeicfidh** tú é? (* Tá rogha i gceist anseo.)
Cén fáth **a bhfuil** sise anseo?
Cad chuige **a ndeachaigh** tú abhaile?
Cén áit **a mbeidh** an chóisir?
Cén chaoi / tslí / dóigh **a ndéanann** tú an obair bhaile?

Clásal coibhneasta díreach
cé chomh minic / cén fhad / cé mhéad / cá huair / conas / mar / nuair / cé a / cad a / céard a / cad é mar/ cathain
Clásal coibhneasta indíreach
cé dó (forainm réamhfhoclach)/ cé leis (forainm réamhfhoclach/ cad air (forainm réamhfhoclach) /céard uaidh (forainm réamhfhoclach) / cá/ an áit/ cén áit / an chaoi (tslí, dóigh) / cén chaoi (tslí, dóigh) / cén fáth / cad chuige

B
Cleachtadh cainte atá i gceist ach bí ag éisteacht le bheith cinnte go mbaintear úsáid as an chlásal coibhneasta.

C
Cad é mar atá tú? - díreach
Cén chaoi a bhfuil tú? - indíreach
Conas atá tú? - indíreach

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Deir an SDLP nach ionann an chomhairle atá Sinn Féin a thabhairt do dhaoine ar an dá thaobh den teorainn maidir le táillí ar sheirbhísí a íoc. Sa bPoblacht[1] tá Sinn Féin ag moladh do dhaoine gan an muirear teaghlaigh a íoc ach tá muirear dá leithéid i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann, áit a bhfuil siad i gcumhacht. Dhiúltaigh Sinn Féin aon urlabhraí i dTuaisceart Éireann a chur ar fáil le labhairt ar an ábhar.

Áine Ní Ghallchóir

Íocann gach teach i dTuaisceart Éireann ráta teaghlaigh nó cáin mhaoine achan[2] bhliain agus úsáidtear an t-airgead le maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí áitiúla agus réigiúnacha[3]. Tá an ráta anseo bunaithe ar luach an tí, mar shampla, an teach seo ina bhfuil cúig sheomra leapa agus ar fiú dhá chéad seachtó cúig míle punt é; íocann na húinéirí ráta de os cionn dhá mhíle punt achan bhliain.

Tá dhá pháirt sa mhuirear seo, ráta réigiúnach a leagann feidhmeannacht Stormont amach ar bhonn bliantúil le híoc as bóithre, séarachas, oideachas agus araile agus ráta a leagann an chomhairle áitiúil síos le híoc as áiseanna fóillíochta, bainistiú dramhaíola agus a leithéid. Tá Sinn Féin i gcoinne an mhuirir theaghlaigh[4] sa Phoblacht agus tá siad i rialtas anseo agus ag cur i bhfeidhm na dtáillí tí ar an taobh seo den teorainn. Dúirt an páirtí inniu nach mbeidh siad sásta aon bhall tofa ón Tuaisceart a chur ar fáil inniu ar an ábhar seo, siocair a dúirt urlabhraí ón pháirtí nach bhfuil aon chomparáid idir na táillí ar dhá thaobh na teorann.

Doiminic Ó Brolcháin, MLA

Tá muintir Shinn Féin anseo, comhairleoirí agus na baill tionóil anseo, tá siad sásta go leor go bhfuil rátaí ann agus go n-íocfaidh daoine iad. Ach is cosúil nach bhfuil siad sásta é sin a mholadh sa taobh ó dheas den tír, *so*, tá cineál contrárthachta ann ansin ceart go leor.

Áine Ní Ghallchóir

Agus spriocdháta an mhuirir theaghlaigh ag druidim linn cuirfear billí rátaí amach chuig gach teach ar an taobh seo den teorainn ag deireadh na seachtaine seo ach ní dócha go mbeidh aon cheist fá[5] íocaíochtaí a dhéanamh anseo. Áine Ní Ghallchóir, nuacht TG4, i mBéal Feirste.

---

[1] sa *Phoblacht* a mholtar sa chaighdeán
[2] *gach* a mholtar sa chaighdean
[3] *réigiúnach* a deirtear
[4] *muirir teaghlaigh* a deirtear
[5] *faoi* a mholtar sa chaighdeán